



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

FÁILTE

Chuig Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 26 Eanáir – 2 Feabhra 2020

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná: ‘Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia’. Tugtar cuireadh dúinn an tuiscint a bheith ionainn go bhfuil an fhreagracht orainne ar fad aire a thabhairt don domhan, ní hamháin ar ár son féin, ach ar son an uile neach ar chruthaigh Dia.

Is iad téamaí an lae ná

- An Luan:** Maireachtáil go Sítheach le Dia
An Mháirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana
An Chéadaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Uile Ghlúin
An Déardaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Domhan
Timpeall Orainn
An Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa Scoil Chaitliceach

Idir 2015 agus 2017, bhí feachtas Trócaire don Chargas ag díriú ar ‘Athrú Aeráide, Ceartas Aeráide’. Bunaíodh téamaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2017 ar an imlitir *Laudato Si’* a scríobh an Pápa Proinsias sa bhliain 2015. Beimid i mbliana ag tógáil ar theachtaireacht an imlitir sin, agus ar an aitheasc aspalda atá i *Christus Vivit*. Luaitear gnéithe áirithe na sochaí agus conas tabhairt faoi na fadhbanna sóisialta. Deir an Pápa linne mar Chaitlicigh an domhain, go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an dúshlán práinneach atá ann an domhan coiteann a chosaint agus pobal an domhain a ghríosú le forbairt shlán inbhuanaithe a bhunú, agus is féidir a dhéanamh. (LS, 13). Caithfidimid cónaí go sítheach i gcomhar lena chéile agus leis an gcomhshaol. Má thuigimid an gaol atá againn le Dia, leis na comharsana, leis na glúine uile, leis an domhan agus lenár scoil Chaitliceach, aithneoidimid na céimeanna a ghlacfaí, le cónaí go sítheach lena chéile. Tugann an Pápa Proinsias ár ndúshlán maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an saol a chaithimid. Tugaimis faoi deara é go mbíonn tionchar nach beag ag an saol a chaithimid féin, ar shaol an duine eile chomh maith.

Iarrann sé orainn an ceart agus an t-ionannas a scaipeadh inár measc agus aire a thabhairt do lucht leochaileach an tríú domhain – tá beann acu ar an saol a chaitheann lucht an chéid domhain. Is é guí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 go dtuigfimis an chumhacht atá ag an uile dhuine againn, agus gur féidir le mion-ghníomh toradh iontach a bheith aige.

Beidh gach aon acmhainn a bhaineann le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar fáil ar líne. Beidh acmhainní a bhaineann le gach ceacht ar fáil do na sinsir agus do na sóisir chomh maith. Tacaíonn na cleachtais i ngach aon cheacht leis an straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta. Tá ceachtanna meabhraitheacha ann a chabhróidh leis an measúnú sa seomra ranga. Tá ábhar fairsingithe mar rogha do na daltaí.

Is féidir na hacmhainní ar fad a bhaineann le SSC 2020 a íoslódáil ag: www.catholicschools.ie

Moladh duit a Thiarna. Le gach aon bheannacht.
Foireann Chumadh na nAcmhainní





MACHNAMH AN LAE

An Luan: Maireachtáil go Sítheach le Dia

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná 'Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia.' Leagtar béim ar an fhocal 'sítheach'. Ba é an tuairim a bhí ag Mildred Norman, ar a dtugtaí 'Peace Pilgrim' go raibh gá ann an tsíocháin a aimsiú i do chroí féin istigh i dtosach báire, sula bhféadfaí maireachtáil go síochánta leis an duine eile. Sula mbreathnaímid thart orainn, caithfear breathnú isteach inár gcroí féin. I *Laudato Si'*, deir an Pápa Proinsias go bhfuil an mianach ionainn dearmad a dhéanamh orainn féin, le freastal ar an duine eile. Is féidir linn! Caithfear deireadh a chur leis an saol leithleach agus an féin-ionsú lena leithéid a dhéanamh. I *Christus Vivit*, déanann an Pápa Proinsias cur síos ar an aos óg a bheith mar láithreach shaibhir Dhia ar domhan. Deir sé leis an aos óg go mbaineann tábhacht ar leith leo mar chlann Dé. Is dá bharr san a dtugann Dia aire agus grá dóibh. Is léir go bhfuil domhanthuiscint ag an bPápa Proinsias maidir leis an tsíth a bhaineann leis an ngaol atá ann idir Dhia agus na daoine óga. Nuair a iarrtar air cur síos ar dhaoine óga, deir sé gur féidir leis na daoine óga seasamh ar a mboinn féin, mar a dhéanann na daoine fásta, ach go mbíonn cos amháin chun tosaigh acu, ullamh le céim ar aghaidh a ghlacadh, murab ionann agus na daoine fásta a bhíonn sásta seasamh leis an dá chois in aice lena chéile. Admhaíonn an Pápa Proinsias go mbaineann neart áirithe leis na daoine óga. Is féidir athrú suntasach a dhéanamh ar domhan. Seo an dúshlán a chuirtear romhainn!

An Mháirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana

I *Laudato Si'*, iarrtar orainn aire a thabhairt don domhan coiteann. Deir an Pápa Proinsias go bhfuil an fhreagracht orainne an domhan a chaomhnú do na glúine atá le teacht. Má fhaighimid an lámh in uachtar ar an leithleachas, is féidir athrú saoil a chur i bhfeidhm agus athruithe suntasacha eile a chur i bhfeidhm sa tsochaí. Tugaimis grá don duine eile de réir mar a thugaimid aire dúinn féin. Ar an 1 Meán Fómhair 2019, rinne an Pápa Proinsias Séasúr na Cruthaitheachta a fhógáirt, a lean go dtí an 4 Deireadh Fómhair, lá fhéile San Proinsias Assisi.

In aitheasc 1 Meán Fómhair 2019, dúirt sé go láidir go raibh géarghá ann go scaoilfí pobal an domhan saor ó thíorántacht an tomhaltachais. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar an athrú suntasach atá ag tarlú ar domhan cheana féin. De réir Ard-Easpag Canterbury, an Sár-Oirmhinneach Justin Welby, ní hé go bhfuil droch-ionchas ann maidir leis an athrú aeráide, tá ionchas marfach ann do na tíortha agus do na réigiúin leochaileacha ar domhan, agus do na sluaite duine gan áireamh atá ina gcónaí iontu. Is féidir linn cabhrú, duine i ndiaidh duine, céim ar chéim. Ba mhaith leis an bPápa Proinsias na Caitlicigh a spreagadh le cinntí lán de mhisneach a ghlacadh, le gníomhartha a mbeidh iarmhairtí forleathana acu a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh tiomantas i measc na gcinnirí polaitíochta le go bhféadfaí an domhan agus pobal an domhain a threorú i dtreo na beatha in ionad i dtreo an bháis. Guímis lena chéile an phaidir a chum an Pápa Proinsias ar son an domhain.

A Dhia uilechumhachtaigh, bíonn tusa i láthair ar fud an domhain, agus istigh sa chréatúr is lú atá cruthaithe agat. Beireann tú barróg ghrámhar ar gach ar chruthaigh tú. Doirt anuas orainne an grá fuinniúil atá ionat, ionas gur féidir linn an bheatha agus an áilleacht a chosaint agus a chaomhnú. Líon leis an tsíocháin muid, ionas gur féidir linn maireachtáil lena chéile mar dheartháireacha agus mar dheirfúiracha, gan dochar á dhéanamh do dhuine ar bith. A Dhia na mbocht, cabhraigh linn pobal imeallach agus tréigthe an domhain seo is aoibhinn leat, a shábháil. Cuir an cneasú i bhfeidhm inár saol, ionas gur féidir linn an domhan a chosaint in ionad é a chreachadh. Bíodh an áilleacht á chur chun cinn againn, in ionad an truaillithe agus an loit. Déan croíthe na ndaoine sin atá suite ar bhrabach éagórach a bhaint den domhan agus de na bochtáin, a bhogadh. Cabhraigh linn luach intreach an uile rud a aimsiú, go mbeidh meas agus ionadh orainn faoi shaibhreas an domhain, ionas go mbeidh gaol comhaontaithe againn leis an uile neach, agus muid ar an aistear chuig solas na bhflaitheas. Gabhaimid buíochas leat as ucht seasamh linn gach lá. Déan muid a spreagadh agus a neartú inár n-iarrachtaí ar son an chirt, an ghrá agus ar son na síochána. Amen





Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

An Chéadaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Uile Ghlúin

Déanaimid ceiliúradh inniu ar an tionchar a bhíonn ag na daoine aosta ar shaol na n-óg, agus a mhalairt chomh maith! Baineann buntáistí gan teorainn leis an ngaol seo. In 2 Tiomóid 1:5, deir Naomh Pól linn: 'Cuimhním freisin ar an gcreideamh glan sin agat. An creideamh úd a bhí ag do sheanmháthair Laoise romhat agus ag do mháthair Eunaíce, táim cinnte go bhfuil sé agatsa chomh maith.' Bíonn go leor le foghlaim ag an aos óg ó shaol na ndaoine aosta a bheadh timpeall orthu. Tarlaíonn sé go minic go mbíonn meas againn ar rudaí áirithe toisc gur chothaigh na tuismitheoirí agus na seantuismitheoirí an meas agus an urraim ionainn i dtaobh na rudaí céanna. In *Amoris Laetitia* (191), deir an Pápa Proinsias nach féidir leis an tsochaí dul chun cinn a dhéanamh mura mbíonn meas aige ar eagnaíocht na ndaoine aosta. In *Christus Vivit* maíonn an Pápa Proinsias go bhfuil a gcion tairbhe féin le hofráil ag an aos óg. Ní féidir a bheith ag trácht ar an todhchaí a bheith ag brath orthu siúd amháin áfach, caithfear a admháil go bhfuil ionchur suntasach acu maidir le saol an lae inniu a shabhrú (64). Deir sé gur féidir leis na daoine óga seasamh ar a mboinn féin, mar a dhéanann na daoine fásta, ach go mbíonn cos amháin chun tosaigh acu, ullamh le céim ar aghaidh a ghlacadh, murab ionann agus na daoine fásta a bhíonn sásta seasamh leis an dá chois in aice lena chéile. (139) Baineann mianach iontach leis an aos óg ó thaobh brú ar aghaidh agus dul chun cinn a dhéanamh. Éistimis mar Chaitlicigh leis an méid a deirtear i Soiscéal Naomh Marcas (16:15): 'Imígí faoin domhan uile agus fógraí gí an soiscéal don chruthaíocht uile.'

An Déardaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Domhan Timpeall Orainn

I *Laudato Si'*, tugann an Pápa Proinsias le fios dúinn gur sinne na maoir ar gach ar chruthaigh Dia. Déanaimid maoirseacht air, ar ár son féin agus ar son na glúine atá le teacht. Ciallaíonn an mhaoirseacht Chríostaí go dtugaimid aire don phláinéad agus don uile neach atá cruthaithe ag Dia. Caithfear féachaint chuige go roinntear maoin an domhain go cothrom ar chách. Caithfear feidhmiú i ndlúthpháirtíocht leis an duine eile, leis na bochtáin ach go háirithe, leis an mhaoirseacht a dhéanamh i gceart. Iarrtar orainn scrúdú a dhéanamh ar ár slite maireachtála féin, agus na bealaí ina dtugaimid aire don phláinéad a dhéanamh amach. Conas mar a thugaimid aire don bheatha? Conas mar a ghlacaimid páirt i roinnt chothrom mhaoin an tsaoil?

An bhfeidhmím ar bhealach cothrom cóir? Conas a léirim an dlúthpháirtíocht le daoine eile? Conas a léirim an dlúthpháirtíocht leis na bochtáin? Bítear ag iarraidh ar rialtais agus ar thíortha, athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm maidir le saothrú acmhainní an domhain, agus cuirtear tús leis an obair seo ionainn féin. Caithfimid ár slí maireachtála féin a athrú le go bhfanfaidh an domhan ar an saol. Deir an Pápa Proinsias go gcaithfear deireadh a chur leis an saol leithleach agus an féin-ionsú, má theastaíonn uainn aire fhírinneach a thabhairt dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúra, agus don chomhshaol nádúrtha. Más féidir linn an t-indibhidiúlachas a shárú, beidh ar ár gcumas athrú saoil a chur i bhfeidhm ionainn féin, agus athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm ar an tsochaí chomh maith (LS, 208).

An Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa Scoil Chaitliceach

Tá ráiteas misin ag gach aon scoil: luaitear luachanna agus spriocanna na scoile ann. Sa scoil Chaitliceach áfach, ba cheart go mbeadh béim ar an éiteas Caitliceach sa ráiteas misin. Tá sé tráthúil go mbeimis ag machnamh ar na nithe luachmhara a bhíonn ar scoil againn. An scoil ghrámhar an scoil seo againne? An bhfuil an maithiúnas ionainn? An bhfuil muinín againn as a chéile? An dtugaimid aire do na bochtáin? An bhféachaimid chuige go mbíonn gach aon bhall de phobal na scoile, slán sábháilte inti? An ndéanann na daltaí ar fad a dícheall? An scoil ionchuimsitheach í an scoil seo? An bhfuil fáilte roimh chách, is cuma faoi ábaltacht, nó creideamh, nó inscne, nó náisiúntacht? Sa leabhar *Guidelines on the Inclusion of Students of Other Faiths in Catholic Secondary Schools* (Aiveen Mullally, JMB/AMCSS) deirtear gur pobal Críostaí atá sa scoil Chaitliceach ina n-aithnítear go mbíonn na daltaí ar chomhchéim ó thaobh luacha de, agus go bhféachtar chuige go mbíonn taithí ionchuimsitheach acu inti. An bhfuil an scoil seo againne de réir na tuairisce thuas? Má tá, conas a chabhraím féin leis an ionchuimsitheacht seo? Mura mbíonn, an bhfuil lámh agamsa san easpa cuimsitheachta seo? Ba mhaith an smaoinemh é páirt a ghlacadh in 'Dúshlán na Síthe' agus athrú saoil a chur i bhfeidhm. Bíodh an tiomantas ionainn go ndéanfaimis athrú amháin a chur i bhfeidhm inniu a chabhródh le feabhas a chur ar shaol an duine eile, le go mairfimis go sítheach sa scoil Chaitliceach.